

# Daoine a Itheann Daoine

Mícheál Ó Ruairc



Cló Iar-Chonnacht  
Indreabhán  
Conamara

An chéad chló 2010  
© Cló Iar-Chonnacht 2010

ISBN 978-1-905560-62-2

**Dearadh clúdaigh:** Abigail Bolt  
**Dearadh:** Deirdre Ní Thuathail



Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnacht buíoch de Fhoras na Gaeilge as  
tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnacht cabhair airgid  
ón gComhairle Ealaíon.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

**Clóchur:** Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.  
**Teil:** 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie  
**Priontáil:** CL Print, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

*Tiomnaím an saothar seo do na heagarthóirí éagsúla a chuir i gcló  
roinnt de na scéalta agus a thug cabhair agus comhairle dom i bhfad  
siar nuair a bhí a leithéid de dhíth go mór orm.*

# Clár

Cailín an Chairr Bháin	11
An Briatharchath	18
Timpealláin	30
Daoine a Itheann Daoine	38
An tInneall Brionglóidí	49
Séadna	70
An tAchasán	77
Fear an Scáth Fearthainne	84
Dialann Anama	91
Suibhne na mBruachbhailte	107
Deireadh na Muice	114
Staitistic	122
Gar don Líne	132
Muiceolaíocht	138
Idir na Bráillíní	146
Árasán 69	151

Foilsíodh roinnt de na scéalta atá sa chnuasach seo cheana (nó leaganacha díobh) in *Comhar, The Irish Times* (Scéalta an tSamhraidh), *Scéalta san Aer* (eag. Cathal Póirtéir, Coiscéim, 2000) agus *Foinse* (Nuascéalaíocht). Craoladh an scéal “Muiceolaíocht” ar RTÉ Raidió a hAon. Bhuaigh an scéal “Daoine a Itheann Daoine” Duais an Mhaolánaigh i gComórtas Liteartha an Oireachtais agus bhuaigh an scéal “Briatharchath” duais aitheantais sa chomórtas céanna. Tá an t-údar faoi chomaoin mhór ag na heagarthóirí, na foilsitheoirí agus na moltóirí go léir.

## Cailín an Chairr Bháin

Bhí solas an tsamhraidh ina súile agus an ghrian ina cuid gruaige nuair a leagas súil uirthi den chéad uair. Ba ghleoithe an cailín í gan dabht.

B'in é samhradh na bliana 1977 – samhradh na gréine, samhradh na saoirse, samhradh na hóige nach bhfillfidh arís choíche. Bhíos ar mo bhealach ó Thrá Lí go Baile Átha Cliath an lá céanna. Ní raibh táille na traenach fiú fágtha agam tar éis an deireadh seachtaine a bheith caite agam ar an drabhlás i nDaingean Uí Chúis.

Thugas faoin mbóthar fada de shiúl na gcos. Ar an ordóg. Ní raibh an t-ádh liom. In ionad bheith ag moilliú b'amhlaidh a méadaíodh ar luas na gcarranna a bhí ag sciorradh tharam.

Bhí Oileán Chiarraí nach mór sroiste agam agus mé i ndeireadh na feide leis an tart agus leis an teas, nuair a chonac an carr mór bán ag déanamh orm. Suas leis an ordóg arís. Chuaigh sé tharam. Thit an lug ar an lag agam. Cúpla céad slat romham amach, mhoilligh sé agus stop. Thosnaigh sé ag cúlú im threo go dtí go raibh sé comhthreomhar liom.

Cailín a bhí á thiomáint. Cailín fionn. An cailín ba ghleoithe dá bhfaca éinne riamh. Súile gorma fáilteacha aici. Meangadh gáire ar

## Mícheál Ó Ruairc

a haghaidh tharraingteach. Corp tanaí, dea-chumtha agus dhá chos órga ag síneadh anuas óna brístí gairide.

“Cá bhfuil do thríall?” d’fhiafraigh sí díom.

Bhí fonn orm a rá léi “turas deireadh an domhain leatsa, a spéirbhean álainn!” ach ní dúrtsa ach:

“Táim ar mo bhealach go Baile Átha Cliath.”

“Sin é an treo ina bhfuilim féin ag dul,” ar sise, “isteach leat.”

Tá seo go diail ar fad, arsa mise im aigne féin. Síob faighte agam an tslí ar fad go dtí an phríomhchathair agus an rud ab fhearr ar fad ná comhluadar na mná áille seo agam ar feadh an bhealaigh. Is é a deirim liom féin anois ná gurbh amhlaidh a thit mé i ngrá léi an chéad uair ar leag mé súil uirthi.

Is mó saghas grá atá ann: an grá collaí, an grá anama, an grá éagmaise, an paisean gan réasún, an taom neamhdhlistineach, an taom buile a bhuaileann duine uair nó dhó ina shaol má bhíonn an t-ádh leis. Agus bhí an t-ádh liom an babhta seo. Bhí ar mo chumas labhairt léi. Bhraitheas compordach ina teannta.

Ar an mbealach go Baile Átha Cliath, chuireas aithne éigin uirthi. Ba as Luimneach di. Í ar a bealach go Maracó; í ar thóir na gréine.

“Ach nach bhfuil an aimsir go gleoite anseo?” mheabhraigh mé di.

“Níl tú dáiríre!” ar sise agus ionadh uirthi.

Áiteanna i bhfad ó bhaile ina súile mór gorma. Iachall éigin uirthi bheith i gcónaí ag bailiú léi i dtreo íor na spéire. Í mar a bheadh sí ag éalú ó rud éigin a bhí taobh thiar di.

Mar sin féin thugas taitneamh di. Spiorad saor ba ea í; cosúil liom féin, ní raibh fonn uirthi moilliú rófhada in aon áit.

“Ar thaitin Trá Lí leat?” d’fhiafraigh mé di.

“Cé dúirt leat go rabhas i dTrá Lí?”

“Bhuel, cheapas ós rud é go rabhais . . .”

“Ní gá dom míniú duitse ná déinne eile cá rabhas, cá bhfuilim ná cá mbeidh mé ag am faoi leith.”

## Daoine aitheann Daoine

“Nílím ag iarraidh bheith fiosrach . . .”

“Ó, tuigim é sin go maith. Mar a tharla sé, is i nDaingean Uí Chúis a bhíos. Bhfuil a fhios agat cá bhfuil Tigh Uí Fhlatharta? Bhí ard-oíche againn ann aréir.”

“Bhíos féin ann arú aréir! Chaitheas an oíche aréir in Óstán Benners. Bhí seisiún ceoil sa bheár a bhí ar fheabhas ar fad.”

“Bhuel, a leithéid! Chaitheas féin an deireadh seachtaine ar loistín san óstán céanna. Nach aisteach nár chasamar ar a chéile uair éigin ann.”

“Castar na daoine ar a chéile ach ní chastar na cnoic ná na sléibhte. Tá sé aisteach, ceart go leor.”

Tost.

Nuair a shroicheadar Baile Átha Cliath bhí an clapsholas ann. Bhí an chathair chomh ciúin sin nach samhlófá riamh brúnna tráchta ná cior thuathail léi.

Thug sí cuireadh dom dul ina teannta le haghaidh greim éigin le n-ithe.

D’aimsíomar bialann Shíneach a bhí thuas staighre os cionn Dhroichead Uí Chonaill.

“Ní féidir liom íoc as an mbéile,” arsa mise léi.

“Is cuma faoi sin,” ar sise, “íocfaidh mise as.”

“Ach . . . Ach . . .”

“Íocfaidh mise as. Ná bí mar sin. Nach bhfuil cloiste agat faoi shaoirse na mban?”

Phléasc an bheirt againn amach ag gáire. Dhearcas go lomdíreach ina súile móra gorma. Dheargaigh mé. Ní raibh a hainm fós ar eolas agam. Níor fhiafraigh mé di faid an bhealaigh cad ab ainm di. Nár mhór an brealsún mé!

Ní foláir nó go raibh sí in ann m’intinn a scagadh.

“Is mise Fionnuala,” ar sise, “cé tú féin?”

“Uinsionn.”

Tháinig an freastalaí Síneach chugainn leis na biachláir. Aisteach go leor, níor mhothaigh mé aon ocras ag goilliúint orm cé



Mícheál Ó Ruairc

nach raibh faic ite agam óna hocht a chlog ar maidin. D'ordaíomar an béile, agus buidéal fíona dheirg ina theannta. Nuair a bhí an béile ite agus cupáin chaife á n-ól againn, labhair sí:

“An bhfanfaidh tú liom anocht?”

Bhain loime na ceiste siar go mór asam. Bhíos tar éis bheith ag breathnú anuas ar na carranna ag dul thar Dhroichead Uí Chonaill faoi na soilse sráide. Bhí mo chuid smaointe in áit éigin eile. An bhfanfainn léi? D'fhanfainn léi go Lá Philip an Chleite! D'fhanfainn léi go n-éireodh na mairbh nó go n-iompódh an fiach dubh geal!

Thug sí faoi deara gur baineadh geit asam. Leag sí a lámh ar mo rosta. Gháir sí.

“Ná bí chomh dáiríre sin, a Uinsionn. Níor iarr mé ort mé a phósadh ná aon ní den tsórt. Níl uaim ach do chuideachta idir seo agus an mhaidin.”



Sa North Star Hotel, trasna na sráide ó Stáisiún Uí Chonghaile, a fuairamar lóistín na hoíche.

Chodlaíomar sa seomra céanna ach ar leapacha ar leith; níor theastaigh uaithi go mbeadh aon chaidreamh collaí eadrainn. Mar sin féin, bhí fonn ormsa a bheith léi, í a thógaint im bhaclainn, í a phógadh agus a corp leochaileach a fháscadh chugam sa dorchadas.

Thóg sé tamall fada orm dul a chodladh. Choinnigh torann na dtraenacha im dhúiseacht mé. Bhí torann millteanach ag teacht uathu. Bhí an bóthar iarainn ag gabháil os cionn an óstáin agus cheapfá ó mhéid an torainn go dtiocfadh traein isteach an fhuinneog chugat ag aon nóiméad.

Dhún mé mo shúile agus dhein mé iarracht a shamhlú dom féin cén sórt paisinéirí a bheadh ar bord na dtraenacha sin a bhí ag scinneadh isteach sa dorchadas os mo chionn in airde. Shamhlaíos fir agus mná uaigneacha, iad cromtha ag boird, leath ina gcodladh, toitíní idir a méara acu, ar a mbealach go Béal Feirste.

## Daoine a Itheann Daoine

Trasna uaim, ar an leaba eile, bhí cailín an chairr bháin, Fionnuala na háilleachta, ina codladh go sámh, a cuid gruaige finne ag leathadh ar an bpiliúr, cos dhea-mhúnlaithe amháin léi ag gobadh amach ó na bráillíní.

Bhuail taom obann drúise mé. D'fhéadfainn dul agus mé féin a bhrú uirthi. Dá ndéanfainn é sin, cé a chreidfeadh a taobhsan den scéal dá ndéanfadh sí gearán im thaobh? Agus b'fhéidir go nglacfadh sí go fonnmhar liom is nach mbeadh orm tada a dhéanamh di i gcoinne a tola?

Ní túisce a rith an smaoinemh liom ná go raibh sé imithe uaim arís, é brúite faoi chois ag pé ciall a bhí fágtha im sheilbh agam. Caithfidh gur thit mo chodladh orm go gairid ina dhiaidh sin. Nuair a dhúisíos arís bhí an áit iontach ciúin gan torann na dtraenacha le clos a thuilleadh.

Chuala í ag gol os íseal.

Níor ligeas orm go rabhas dúisithe.

Lean sí uirthi ag caoineadh.

Ní raibh a fhios agam cad ba chóir dom a dhéanamh. Fanacht socair nó dul chuici?

Chuas sall chuici. Thógas im bhaclainn í. Lean sí uirthi ag caoineadh. Phógas í.

D'fhiafraíos di cad a bhí ag cur as di. Chiúnaigh sí. Tar éis tamaill, labhair sí:

“Dé Céadaoin seo caite dúirt an dochtúir liom go raibh an ailse a bhí orm tar éis dul in olcas. Dúirt sé go gcaithfinn dul isteach san ospidéal ar feadh achair fhada. Nílím . . . Nílím . . .”

Thosnaigh sí ag déanamh tochta arís, na deora ag sileadh óna súile anuas ar mo lámha.

D'fháisceas chugam í. Níorbh fhiú dom tada a rá. Dhein mé iarracht í a chur ar a suaimhneas. Mhóidigh mé di go ndéanfainn í a chosaint. Gháir sí.

“Nach tusa mo ridire calma, mo ghiolla mear. Ní foláir nó go labhrann tú mar seo leis na cailíní go léir?”

## Mícheál Ó Ruairc

Luigh sí siar im bhaclainn. Thit a codladh uirthi arís. Tar éis tamaill, thiteas féin im chodladh.

Bhí tromluí agam. Bhíos ag teitheadh ar mo mhíle dícheall ó bhaicle de naimhde dofheicthe. Chualas iad im dhiaidh. Chualas tafann fíochmhar na gcúnna, béiceadh na bhfear agus tormán na gcarranna. Ritheas ar nós na gaoithe ach, ansin, chonac go rabhas tagtha go barr aille.

Ní raibh áit ar bith le dul agam.

Chuala an torann ag méadú. D'fhéachas timpeall orm go faiteach. Bhíos sáinnithe acu. Bhíos sceimhlithe im bheatha. Ní raibh ach rud amháin le déanamh. D'fhéachas uaim síos. Thíos fúm, chonac Droichead Uí Chonaill agus na carranna ag scinneadh thart faoi luas mór. Taobh thiar díom, bhí an gleo ag méadú. Léimeas.

Phreabas in airde sa leaba. Bhí mo chroí ag bualadh go láidir im chliabh. Cé go raibh sé fós dorcha sa seomra bhí torann na draenacha dom bhodhradh arís.

Chonac an solas faoi dhoras an tseomra folctha.

Thugas faoi deara go rabhas im aonar sa leaba.

D'fhéachas ar m'uaireadóir. Bhí sé nach mór a hocht a chlog. Osclaíodh doras an tseomra folctha agus tháinig cailín an chairr bháin amach. Chonac í fráraithe sa doras. Bhí a cuid éadaigh uirthi agus í gléasta chun bóthair.

“An rachaimid síos chun bricfeasta anois?” d'fhiafraigh mé di.

Bhí ionadh uirthi nuair a chuala sí mo ghuth. Cheap sí go rabhas fós im chodladh.

“Nílímse chun bacaint le bricfeasta,” ar sise, “caithfidh mé bheith ag bogadh liom anois díreach. Beidh an t-eitleán ag imeacht ag a naoi.”

Baineadh siar asam. D'fhéachas uirthi.

“An é sin é mar sin?”

“Sin é é, a Uinsionn.”

Tháinig sí trasna chugam agus thug sí póg éadrom dom ar mo leiceann.

## Daoine a Itheann Daoine

“Slán leat, a ridire chalma, mo ghiolla mear! Go raibh maith agat as teacht i gcabhair orm. Cá bhfios ach go gcasfar le chéile arís sinn. Cad a dúirt tú féin inné? ‘Castar na daoine ar a chéile ach ní chastar na cnoic ná na sléibhte’. Slán, a Uinsionn. Dála an scéil, tá seic do chostas an óstáin fágtha agam duit ar an mbord. Slán anois.”

Leis sin, amach an doras léi.

B’in an radharc deireanach a fuair mé uirthi.

Ó, sea, agus i dteannta na seice a bhí fágtha aici ar an mbord bhí grianghraf: grianghraf di féin ina seasamh in aice an chairr bháin, meangadh gáire ar a haghaidh tharraingteach, an ghrian ina cuid gruaige fada finne a bhí ag sileadh anuas thar a guaillí, solas an tsamhraidh ina súile gorma fáilteacha, linnnte doimhne draíochtúla ina bhfuil mo shaol ó shin caite agam ag snámh go fannchroíoch ar thóir na haislinge a d’éalaigh uaim.

# An Briatharchath

(do Sheán Mac Mathúna)

Lig *Bhíothas* osna chléibh uaidh. Bheadh air é a admháil go poiblí luath nó mall. Ní fhéadfaí é a choinneáil ina rún go deo. Mar sin féin, ba mhaith a thuig sé go raibh sé tar éis trioblóid mhór a tharraingt air féin.

Dá bhuíochas féin, bhí sé tar éis titim caoch i ngrá leis an gcopail *Ní*. Ní le *Níor* ná le *Nár* ach le *Ní*, cé go raibh sé dhá oiread ní ba shine ná í.

Bheadh sé dona go leor agus ina scannal mór dá dtitfeadh sé i ngrá le *Níor* nó le *Nár* ach bheadh titim i ngrá le *Ní* dochosanta agus do-mhaite i súile Chumann na Saorbhriathra.

Shearr sé a ghuailí leathana.

Ba cheart go mbeadh sé ar mhuintir na muice faoin am seo. Colscaradh faighte aige ó *Ní Dúradh* agus é neamhspleách le bliain go leith. Ní fhéadfadh éinne cur suas léi siúd.

Ach ní fhéadfadh sé é sin a chur ina luí ar mhuintir a chéile mar bheidís anuas air agus ní ligfidís dó a chlab a oscailt. Bhíodh seanathair a chéile, an tufaire beag gangaideach maslach sin *Deirtí*, de shíor ag meabhrú do *Bhíothas* go searbh-bhriathrach nár bhain a theaghlach le treabhchas ársa na mBriathra Neamhrialta ach